Bogaigh Oileán an Harpúraigh

Cluiche Imirce na Lapaír

Faisnéis chúlra do Mhúinteoirí

Nótaí cúlra le bia Cluiche Imirce na Lapaire

Faigheann éin lapaireachta a gcuid bia sa láib agus sa ghaineamh in inbhir agus ar an gcladach, agus in ithir bhog portaigh agus féarach fliuch. Is minic a théann siad in uisce éadomhain ar thóir bia, agus mar sin a n-ainm – lapairí. Póraíonn go leor díobh go maith ó thuaidh den Chiorcal Artach, áit a bhfuil go leor bia, ach bíonn samhradh gear ann.

Ag deireadh an tséasúir póraithe, eitlíonn ealtaí móra lapairí mar shampla na dumhcha, muirmhíle rua, gob-bholta agus lapairí eile ó dheas chun éalú ó gheimhreadh an Artaigh atá le teacht. Téann cuid acu thar Éirinn go cóstaí na hAfraice, ach faigheann go leor acu dídean i rith an gheimhridh timpeall ár gclada. Cothaíonn siad ar an éagsúlacht shaibhir créatúir atá i láib an inbhir – ceann de na codanna is torthúla agus is táirgiúla den bpláinéad; comhionann le 15 barra Mars in aghaidh an mhéadair chearnaigh ó thaobh fuinnimh de!

Is í an imirce eochair maireachtála na n-éan seo. Ní féidir leo maireachtáil i ngeimhreadh an Artaigh, agus ní féidir leo a ndóthain bia a fháil chun a n-óg a thógáil sa deisceart. Dá bhrí sin, eithlíonn na heín dheas san fhómhar, agus ó thuaidh san earrach. I gcás go leor díobh, tá Éire suite go díreach ar chonair a mbealach imirce, agus mar sin tá ár n-inbhir ríthábhachtach chun go mairfidh na héin seo. Cosúil le clocha cora, gan iad ní fhéadfaidís a naimirce? iontach a chríochnú ann chun maireachtála.

Tá go leor guaiseanna ina mbealach. Tá cuid acu, mar stoirmeacha, gaotha cinn, ceo agus oighear, nádúrtha. Is é an cine daonna is cúis le cuid eile acu: truailliú, doirteadh ola, scrios gnáthóg inbhir. Tá fiú truailliú solais ó bhailte agus ó chathracha ag cur isteach ar a gcumas loingseoireachta. Maraíonn Athrú Aeráide agus suaitheadh de chineálacha éagsúla éin nó lagaíonn siad iad trí iad a stopadh ó bheathú agus a scíth a ligean agus iad ar imirce.

Is lapadán beag i an Bhreacóg, timpeall 20cm ar fhad agus a mheá mar an gcéanna le sé bhonn 2 euro, gan ann ach 52 gram. Póraíonn líon beag díobh anseo in Éirinn, tagann go leor díobh anseo don gheimhreadh ó thuaisceart na hEorpa agus ón tSibéir. Téann cuid eile acu trí Éirinn gach Fómhar ar a mbealach chuig a dtailte geimhrithe in iarthar na hAfraice agus arís gach Earrach ar a mbealach go dtí a n-áiteanna goir san Íoslainn agus sa Ghraonlainn.

Leanann Cluiche Imirce na Lapaire saol na mBreacóga ón am a ghorann siad san Artach, ar a n-imirce trí Éirinn go dtí an Afraic, áit a gcaitheann siad an geimhreadh, agus a dturas ar ais go dtí an Artach chun pórú. Faigheann na himreoirí taithí ar thairbhí na himirce agus ar na guaiseanna a bhíonn le sárú ag éin ar an turas fada. Foghlaimíonn siad a thábhachtaí atá sé d'éin a leibhéil fuinnimh a choinneáil ard, ag cur le agus ag dealú óna stórtha fuinnimh i rith na bliana agus iad ag fáil amach an tábhacht a bhaineann lenár n-inbhir d'éin agus dúinne.

Cuidíonn pas Cluiche Imirce na Lapaire le himreoirí chun taifeadh a dhéanamh ar cad a tharlaíonn dóibh ar a dturas imirce. Cuidíonn sé freisin le stórtha fuinnimh ríthábhachtacha a choinneáil cothrom le dáta.



Tugann an cluiche imirce na lapaire aird ar thábhacht ár n-inbhir:

• Is tailte geimhrithe iad do suas le 760,000 éan uisce (lapairí, lachain, ealaí srl.), san áireamh 430,000 lapaire, thart ar 12 faoin gcéad de dhaonra iomlán iarthuaisceart na hEorpa.

• Braitheann breis agus 330,000 lachain agus éan uisce eile ar inbhir sa gheimhreadh freisin (is lú an seans go reofadh inbhir ná uiscí intíre).

• I measc na mbagairtí d'inbhir tá caillteanas gnáthóige inbhir mar gheall ar leathnú míchuí poirt, suíomh muiríne, tógáil barráistí, éileamh talún, dumpáil bruscair agus dramhaíl dhaonna, forbairt thionsclaíoch míchuí, Athrú Aeráide agus ardú i leibhéal na farraige.

• Déanann méadú ar am fóillíochta daoine suaitheadh níos mó d'éin. Cuireann báid, scairdscí, seilg éin uisce, faire éan, marcaíocht capall agus siúl madraí isteach ar lapairí agus ar éin uisce eile nuair is gá dóibh a gcuid fuinnimh a chaomhnú, go háirithe le linn laethanta fuara agus laethanta gearra geimhridh.

• Cuireann na gníomhaíochtaí seo ar fad bac ar lapairí agus ar éin uisce eile an bia agus an scíth a theastaíonn uathu a fháil le maireachtáil i ndéine na himirce.

Is iad inbhir na hÉireann stáisiúin seirbhíse na himirce
bealaí eitilte na himirce. Má chaillteartear na láithreacha beatha agus fara ríthábhachtacha seo,
gheobhaidh na héin bás agus beidh ár saoil níos neamhshuimiúla.

Fíricí na n-éanlaithe: Tá speicis na lapaire in Éirinn i dtrioblóid. San áireamh an Bhreacóg, an Cnota agus an Cosdeargán, d'fhulaing siad caillteanais chomhcheangailte de níos mó ná 100,000 éan (19%) idir 2011 agus 2016. Tháinig laghdú 28,000 éan (9% ar éin fhiáine, san áireamh 14 speiceas lachan, 3 speiceas eala agus 4 speiceas géanna).). San iomlán, tháinig laghdú níos mó ná 10% ar 27 speiceas, agus níor éirigh le ach seacht speiceas méadú níos mó ná 10% (Burke *et al*, Irish Birds 2019).

Breacóg

Fad 20cm/RS 40cm/M 52g

Ceann de na lapairí is coitianta atá. Tá laghdú 61% tagtha ar na huimhreacha in Éirinn le 25 bliain anuas. Caitheann breis agus 45,000 dumhach an geimhreadh ar inbhir na hÉireann. Seo breis agus 3% de na dumhcha a phóraíonn sa Rúis agus i dtuaisceart Chríoch Lochlann.

Nóta RS = Réise Sciatháin M = Meáchan

Cnota *Fad 24cm/ RS 60cm/M 140g*

Tá laghdú de bhreis is 43% tagtha ar na huimhreacha le 25 bliain anuas.
Caitheann siad an geimhreadh anseo agus tagann siad as a bpórú Artach ard tailte sa Ghraonlainn agus i dtuaisceart Cheanada. Is féidir leo 30% dá meáchan coirp a chailleadh ar an turas 4,500 km. Tá áiteanna sábháilte beathaithe ar inbhir ríthábhachtach le go mairfidh siad..

Cosdeargán *Fad 28cm/ RS 48cm/M 130g*

Braitheann 10% de dhaonra iarthuaisceart na hEorpa, thart ar 23,000 Cosdeargán, ar inbhir na hÉireann sa gheimhreadh. Tagann a bhformhór ón Íoslainn.
Tá laghdú 24% tagtha othru le 10 mbliana anuas mar gheall ar na guaiseacha a liostaí thuas teat?? thuas.

Crotach *Fad 55cm/ RS 90cm/M 800g*

Caitheann cúig faoin gcéad de líon crotach na hEorpa an geimhreadh ar inbhir na hÉireann. Ar fud an domhain tá an Crotach i dtrioblóid mhór. Tá laghdú mór, 90% tagtha ar ár ndaonra póraithe le 50 bliain anuas. Is dócha go bhfuil cailliúint agus díghrádú gnáthóg mar phríomhfhachtóir sa laghdú seo

Estuary issues:

Do na daoine nach dtuigeann an scéal, is féidir leo a cheapadh nach bhfuil in inbhir ina dtailte dramhaíle – fairsingí móra láibe agus uisce, aibí chun freastal ar riachtanais an duine. Go deimhin, bhain daoine úsáid i gcónaí as inbhir le haghaidh raon cuspóirí: iascaireacht, tochailt bhaoite, iascaireacht tu a cain?? agus mar áiteanna súgartha le haghaidh seoltóireachta agus caitheamh aimsire eile gan ach beagán a lua. Cé go mbíonn tionchar sealadach acu seo ar na héin, is féidir an damáiste a rialú nó fiú a aisiompú.

I gcodarsnacht leis sin, is féidir le tógáil agus forbairt neamhrialaithe muiríne, baráistí, bonneagar calafoirt agus tionscail eile damáiste do-aisiompaithe a chruthú, ag scrios limistéir de láib idirthaoideach agus ag laghdú cumas inbhear chun éin a bheathú agus tacú leis an mbithéagsúlacht shaibhir atá ina chónaí ann. A bhuíochas ar le obair Cairde Éanlaith Éireann agus eagraíochtaí comhshaoil eile tá na bagairtí seo aitheanta ag an rialtas anois agus á rialú níos fearr ná mar a bhíodh, ach ní mór tábhacht na n-inbhear don fhiadhúlra a athlua do gach glúin nua, agus is é seo fócas Cluiche Imirce na Lapaire. Tá na bagairtí fíor, mar shampla, tá 85% den limistéar idir lántaoide agus lag trá (an limistéar idirthaoide) i Loch Bhéal Feirste scriosta ag tionscail agus ag talún éileamh.

.

Le blianta beaga anuas, is mó imní atá orainn faoi dhá bhagairt ar leith d’inbhir: ardú ar leibhéal na farraige agus athrú aeráide. De réir mar a mhéadaíonn na farraigí agus de réir mar a leáíonn níos mó oighir, tá inbhir agus tránna gainimh ag crapadh agus á bhrú i gcainne chosaintí farraige, aillte crua agus an chuid eile den chósta. Fiú nuair a bhíonn an taoide amuigh, beidh níos lú láibe ar fáil le haghaidh beathú.

Tá méadú ag teacht ar líon agus ar dhéine na stoirmeacha mar gheall ar athrú aeráide. Is féidir le stoirmeacha bagairt dhíreach a dhéanamh ar mharthanacht éan ar nós lapairí a chónaíonn i ngnáthóga oscailte. D'fhéadfadh moill a chur ar éin imirceacha, iad a shéideadh óna gcúrsa nó iad a bheith buailte ag an adhaimsir. Ní féidir linn an aimsir a athrú, ach is féidir linn gach iarracht a dhéanamh é a chinntiú nach iad na stoirmeacha breise seo an buille na tubaiste dár n-éanlaithe imirceacha iontacha.

Chun tuilleadh eolais a fháil ar éin Chorcaí agus na hÉireann agus a ngnáthóga féach www.birdwatchcork.com agus www.birdwatchireland.ie

Léaráidí cruthaithe ó ghrianghraif le Mark Carmody

Imirce Éan ag Bogaigh Oileán Harpúraigh

Tagann éin ag Bogaigh Oileán Harpúraigh ó go leor áiteanna ar fud an domhain. Beirtear cuid acu anseo in Éirinn tagann cuid eile go dtí Cuan Chorcaí agus Bogaigh Oileán Harpúraigh don gheimhreadh óna n-áiteanna goir in áiteanna eile san Eoraip agus níos faide amach. Tá éin againn freisin ag teacht anseo chun pórú sa samhradh ó thailte geimhrithe i bhfad i gcéin.
Tá cuid acu ag dul tríd go dtí tailte pórúcháin níos faide ó thuaidh nó tailte neamhphóraithe níos faide ó dheas. Taispeánann an léarscáil seo roinnt samplaí de na háiteanna a rugadh iad, a phóraíonn siad nó a gcaitheann siad an séasúr neamhphóraithe.